# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**30 Samhain 2023** || Eagrán 175

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*




**Scaip an scéal!**

# MARGADH NA NOLLAG

**Tá Margadh na Nollag á reáchtáil ag Comharchumann Sailearna ar an Domhnach 10 Nollaig i Seanscoil Sailearna. Faoi láthair tá an Comharchumann ag glacadh le hiarratais ó cheardaithe agus trádálaithe ar mhaith leo a bheith páirteach sa mhargadh, áit a bheas deis acu a gcuid earraí a dhíol. Tá foirmeacha iarratais le fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig sailerna@gmail.com, nó is féidir glaoch a chur ar 091 399199 nó 089 4169602. Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga agus Comhar Creidmheasa Cholm Cille ag tabhairt tacaíochta don mhargadh.**



# SANTAÍ AG CLÓ IAR-CHONNACHT

**Beidh cuairteoir speisialta ag Cló Iar-Chonnacht ar an Satharn 2 Nollaig! Chomh maith le sin, beidh Fearghas Mac Lochlainn i láthair lena phictiúrleabhar nua 'An Crann Cois na Trá' a léamh. Cuirfear tús le cúrsaí @ 12:30 agus mairfidh an ócáid go dtí 3i.n. Fáilte roimh chách!**







# TRÁTH NA gCEIST

**Tá tráth na gceist á reáchtáil ag Coiste na dTuismitheoirí ag Scoil Sailearna ar an Déardaoin 7 Nollaig i dTigh Chualáin. Beidh táille de €10 in aghaidh an duine, nó €40 do bhord de cheathrar i gceist. Beidh duaiseanna iontacha le buachan ar an oíche. Is féidir ticéid a cheannach ar an oíche. Cuirfear tús le cúrsaí @ 7i.n.**

# LITIR CHUIG SANTAÍ

Tá Tuimsitheoirí na Gaeltachta ag tabhairt cúnaimh do Dhaidí na Nollag arís i mbliana - ar ndóigh, tá sé thar a bheith gnóthach ag an am seo den bhliain! Baileoidh Tuismitheoirí na Gaeltachta litreacha ó ghasúir na Gaeltachta ar fad le chéile le cinntiú go mbaineann siad a gceannscríbe amach - An Pol Thuaidh, le go mbeidh sé in ann iad a fhreagairt. Ní gá ach do litir a sheoladh chuig f/c Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe. Ná déan dearmad ainm agus seoladh an ghasúir a scríobh ar an litir freisin nó beidh mearbhall ar an bhFear Mór! Moltar na litreacha a bheith seolta roimh an gCéadaoin 6 Nollaig.


# RANGANNA ACLAÍOCHTA

Chuir Christine Cox tús le sraith nua de ranganna aclaíochta le gairid. Bíonn ranganna ‘bootcamp’ ar siúl ar an Luan @ 7i.n. sula dtosaíonn ranganna pilates @ 8i.n. i Halla na Tulaigh. Ar an Déardaoin, tá cleachtadh cuarda ar siúl @ 7i.n. roimh ranganna pilates @ 8i.n. i Halla Scoil Éinne. Mairfidh chuile shraith cúig seachtaine. Le níos mó eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Rachaidh Club Leabhar Cois Fharraige ar turas go Baile Locha Riach le castáil le CLEAS - Club Leabhar Bhaile Locha Riach ar an 7 Nollaig ag 7.30, Tigh Morrissey. Beidh Tráth na gCeist liteartha ann chomh maith le plé ar an leabhar *Kíor Thuathail* le Jean Claude Izzo (Leabhar Breac). Ní gá ach teangmháil a dhéanamh leis an gclub ag: clubleabharcf@gmail.com le clárú don ócáid.





Bigí Linn
SOILSIÙ AN SPIDÉIL
Séipéal Cill Éinde an Spidéil
DÉ DOMHNAIGH
3 NOLLAIG
@ 6 I.N.
DUAIS DON GEANSAÍ
NOLLAG IS FEARR AR
AN LÁ




# SEISIÚIN EOLAIS & TACAÍOCHTA d’EALAÍONTÓIRÍ GAELTACHTA

**Tá seisiúin eolais á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta i gcompháirt le Cultúr Éireann go gairid le cúnamh, treoir agus comhairle a chur ar fáil d’ealaíontóirí Gaeltachta. Sa sheisiún, díreofar, don chuid is mó, ar na tacaíochtaí atá ar fáil maidir le do shaothar ealaíne a chuir chun cinn go hidirnáisiúnta. Beidh seisiún ar siúl ar an 5 Nollaig @ 7i.n. nó ar an 6 Nollaig @ 10r.n. le rogha ama a thabhairt dóibh siúd atá ag iarraidh freastal. Le clárú, ní mór teagmháil a dhéanamh le ealain@udaras.ie le spás a chur in áirithe.**

# IONAD ÓIGE AGUS OIDEACHAIS INDREABHÁN: CRUINNIÚ EOLAIS

Tá cruinniú don phobal á reáchtáil ag Údarás na Gaeltachta ar an Luan, 4 Nollaig, i Seanscoil Sailearna @ 5:30i.n. maidir leis an Ionad Óige agus Oideachais nua atá le tógáil in Indreabhán. Le seachtain anuas, tá oifigigh ó Údarás na Gaeltachta ag casadh le grupaí agus eagraíochtaí áitiúla len' iad a chur ar an eolas faoi na pleananna atá ann don tionscadal nua atá beartaithe don suíomh ar a bhfuil Coláiste Lurgan. Tá sé i gceist go gcuirfear an dréachtphlean os comhair an phobail ar an oíche agus go dtabharfaidh Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, cur i láthair maidir leis an bhforbairt. Tá súil ag Údarás na Gaeltachta go mbeidh an dearadh réidh le cur isteach ar chead pleanála, mí Eanáir seo chugainn.

# SCANNÁN FAOI GAZA

Léireoidh Club Scannán Sailearna an scannán GAZA ar an Satharn 9 Nollaig, i seomra atá ag Coláiste Lurgan, ar chúl an Chomhar Creidmheasa. Scannán faisnéise atá ann a rinneadh sa mbliain 2019, a thugann léargas ar chomh uafásach is atá an saol don dá mhilliún Palaistíneach atá sáinnithe i Gaza de bharr na coimhlinte. Beirt Éireannach, Garry Keane agus Andrew Mc Connell, a rinne an scannán faisnéise, atá thart ar 90 nóiméad ar fhad. Tá an scannán á léiriú le airgead a bhailiú do charthanacht AMJAAD, atá ag cur beatha agus cogaisí leighis ar fáil do mhuintir Gaza faoi láthair. Tá ticéid le fáil ag: www.clubscannan.ie



# FOLÚNTAIS AG AN ITT

Fáiltíonn an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT)/An Crann Taca roimh iarratais ar phost mar Riarthóir Airgeadais agus Oifige. Beidh an té a cheapfar freagrach as riaradh airgeadais agus obair oifige an ITT, faoi stiúir an Bhainisteora. Ní mór d'iarrthóirí taithí riaracháin a bheith acu, agus bheadh cáilíocht tríú leibhéal sa réimse ina bhuntáiste. Tá sé riachtanach go bhfuil caighdeán maith Gaeilge, ag iarrthóirí. Fáiltíonn an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT)/An Crann Taca roimh iarratais ar phost mar Leas-Bhainisteoir Cúraim Leanaí freisin. Beidh an té a cheapfar sa ról seo freagrach as cabhrú le riaradh agus bainistiú seirbhísí an ITT ina n-iomláine, idir na seirbhísí naíolainne, naíonraí, clubanna bricfeasta agus seirbhísí iarscoile. Ní mór d'iarrthóirí taithí sa réimse cúraim leanaí a bheith acu chomh maith le cáilíocht Leibhéal 6 nó níos airde i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann). Tá caighdeán maith Gaeilge riachtanach don phost. Le cur isteach ar cheachtar de na poist thuasluaite, is féidir iarratais agus CV a sheoladh chuig: An Rúnaí, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh/An Crann Taca, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Glacfar le hiarratais go dtí 5i.n. ar an Aoine 15 Nollaig. Le níos mó eolais a fháil faoin bpost, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an ITT ag 091-593132
nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig:
ittancranntaca@gmail.com.

**Is fostóir comhionannais deiseanna é an ITT.**

